# *Olltoghchán an tSeanaid*
# *25 agus 26 Aibreán 2016*

*Tuarascáil ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí chuig an gCeann Comhairle de bhun an Achta Toghcháin, 1997, arna leasú.*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

*Nollaig 2016*

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 18 Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha Cliath 2, D02 HE97
T.: (01) 6395666 | sipo@sipo.ie | www.sipo.ie | Twitter:@SIPOCIreland

## Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| | **Brollach** |
| **Caibidil 1** | **Réamhrá** |
| **Caibidil 2** | **Nochtadh síntiús ag iarrthóirí nár éirigh leo** |
| | **2.1 Ráitis síntiús agus deimhnithe síntiús airgid a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo** |
| | **2.2 Síntiúis a nochtadh** |
| **Caibidil 3** | **Ráitis Síntiús a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin a fhoilsiú** |
| **Aguisín** | **Síntiúis a nocht iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán an tSeanaid 2016** |

## Brollach

Tá áthas orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid Chathaoirleach Dháil Éireann (Ceann Comhairle) de réir fhorálacha alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (an tAcht). Maidir leis na ráitis síntiús/dearbhuithe reachtúla dá dtagraítear sa tuarascáil, tugadh don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí iad de bhun alt 24(2)(b) den Acht. Maidir leis na deimhnithe síntiús airgid/dearbhuithe reachtúla agus na ráitis ó institiúidí airgeadais, tugadh iad de bhun alt 23B(4) den Acht.

Faisnéis mhionsonraithe faoi cheanglais na reachtaíochta maidir le

- síntiúis pholaitíochta a nochtadh,
- teorainneacha ar luach na síntiús a bhféadfar glacadh leo,
- síntiúis thoirmiscthe, agus
- ceanglais imréiteach cánach,

tá sí ar fáil sna Treoirlínte don Olltoghchán don Seanad 2016. Is féidir iad a rochtain ag www.sipo.ie.

________________________

An Breitheamh Onórach Daniel O'Keeffe
Cathaoirleach
Nollaig 2016

## Caibidil 1: Réamhrá

Díscaoileadh an 31ú Dáil an 3 Feabhra 2016. De réir alt 8 d'Airteagal 18 den Bhunreacht, ní foláir olltoghchán don Seanad a bheith ann lá nach déanaí ná nócha lá d'éis lánscor don Dáil. Eisíodh páipéir bhallóide do chomhaltaí rolla an 11 Aibreán 2016 agus dúnadh an vótaíocht an 25 Aibreán 2016. Rinneadh páipéir bhallóide do na toghdais ollscoile a eisiúint agus a phostáil an 21 Márta 2016 agus dúnadh an vótaíocht an 26 Aibreán 2016.

Chuaigh 171 iarrthóir san iomaíocht sa toghchán (125 iarrthóir Rolla agus 46 iarrthóir Ollscoile). Chuir Oifig Cheann Comhairimh an tSeanaid agus na hollscoileanna lena mbaineann ainm agus seoladh na n-iarrthóirí rolla ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin. Toghann na rollaí gairme trí Sheanadóir is daichead agus toghann an dá rolla ollscoile seisear Seanadóirí (toghann Ollscoil na hÉireann triúr agus toghann Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) triúr).

Na forálacha den Acht a bhaineann le nochtadh síntiús agus le teorainneacha le síntiúis, bhí feidhm acu maidir le gach iarrthóir in olltoghchán an tSeanaid. Níl aon teorainneacha le caiteachas ag toghchán don Seanad. Dá réir sin, ní phléitear sa tuarascáil seo ach le nochtadh síntiús ag iarrthóirí nár éirigh leo sa toghchán agus le nithe gaolmhara.

De réir fhorálacha Chuid IV den Acht, ceanglaíodh ar iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán an tSeanaid ráiteas síntiús agus doiciméid ghaolmhara a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoi cheann 56 lá tar éis an lae ábhartha ar ar dúnadh an vótaíocht. Ceanglaíodh go nochtfaí sonraí faoi gach síntiús ar mhó a luach ná €600.00 a fuair iarrthóirí nár éirigh leo i ndáil leis an toghchán. Ba é an 20 Meitheamh 2016 an dáta faoinar ghá ráitis síntiús a bheith faighte ag an gCoimisiún um Chaighdeáin i gcás iarrthóirí rolla nár éirigh leo. Ba é an 21 Meitheamh 2016 an dáta coibhéiseach i gcás iarrthóirí ollscoile nár éirigh leo.

Ceanglaítear ar iarrthóirí ar éirigh leo sa toghchán, mar chomhaltaí de Sheanad Éireann, ráiteas síntiús bliantúil agus doiciméid ghaolmhara a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir gach bliain. Maidir leis na ráitis síntiús a thabharfaidh comhaltaí de Sheanad Éireann don Choimisiún um Chaighdeáin i dtaca leis an mbliain 2016, ní mór sonraí a thabhairt iontu faoi aon síntiúis a fuair na comhaltaí le linn na bliana 2016 i ndáil le holltoghchán an tSeanaid. Ní mór na ráitis sin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir 2017.

# Caibidil 2: Nochtadh síntiús ag iarrthóirí nár éirigh leo

## 2.1 Ráitis Síntiús agus Deimhnithe Síntiús Airgid a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo

*Tarchuireadh 24 iarrthóir chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*

An 22 Márta 2016, d'eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin Treoirlínte chuig iarrthóirí in Olltoghchán an tSeanaid maidir le glacadh le síntiúis agus iad a nochtadh. Ina dhiaidh sin, eisíodh ráiteas síntiús/foirm dearbhaithe reachtúil agus deimhniú síntiús airgid/foirm dearbhaithe reachtúil chuig 122 iarrthóir nár éirigh leo (82 iarrthóir rolla agus 40 iarrthóir ollscoile) an 3 Bealtaine 2016.

Ceanglaíodh go dtabharfaí ráitis síntiús chomhlánaithe agus deimhnithe síntiús airgid comhlánaithe don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 20 Meitheamh 2016 i gcás iarrthóirí rolla nár éirigh leo agus faoin 21 Meitheamh 2016 i gcás iarrthóirí ollscoile nár éirigh leo.

Rinne 64 dhuine den 122 iarrthóir nár éirigh leo a ráiteas síntiús/a bhfoirm dearbhaithe reachtúil, deimhniú síntiús airgid/foirm dearbhaithe reachtúil agus, nuair ba ghá, ráiteas bainc gaolmhar a chur isteach faoin spriocdháta reachtúil ábhartha.

An 5 Iúil 2016, scríobh an Coimisiún um Chaighdeáin chuig gach iarrthóir a mhainnigh na doiciméid reachtúla a chur ar fáil mar a iarradh. Cuireadh in iúl dóibh go dtarchuirfí comhad ar an ábhar chuig an nGarda Síochána mura bhfaigheadh an Coimisiún um Chaighdeáin na doiciméid faoin Máirt an 19 Iúil 2016. Cuireadh in iúl sa litir freisin nach dtabharfaí aon mheabhrúcháin eile ar an ábhar. Mar thoradh air sin, thug 34 iarrthóir bhreise na doiciméid reachtúla riachtanacha don Choimisiún um Chaighdeáin.

Is cion é faoi alt 25(1)(c) den Acht mainneachtain ráiteas síntiús/foirm dearbhaithe reachtúil agus, nuair is gá, deimhniú síntiús airgid/foirm dearbhaithe reachtúil agus ráiteas bainc gaolmhar a thabhairt faoin spriocdháta reachtúil. Tugtar méid suntasach ama tar éis toghcháin d'iarrthóirí nár éirigh leo cloí leis na forálacha.

I mí na Samhna 2016, sheol an Coimisiún um Chaighdeáin comhaid chuig Ceanncheathrú an Gharda Síochána maidir leis na 24 iarrthóir a mhainnigh na doiciméid reachtúla riachtanacha a chur isteach. Tá tuilleadh sonraí ar fáil i dTábla 1 agus i dTábla 2 thíos faoi na daoine sin a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána.

**Tábla 1  Daoine a tarchuireadh chuig an nGarda Síochána**

| **Ainm** | **Rolla/Toghdas** |
|---|---|
| Bannon, James | An Rolla Tionscail agus Tráchtála |
| Blaney, Niall | An Rolla Tionscail agus Tráchtála |
| Carey, Declan | An Rolla Saíochta agus Oideachais |
| Casey, Peter | An Rolla Tionscail agus Tráchtála |
| de Róiste, Daithí | An Rolla Oibreachais |
| Golden-Bannon, Ross | Toghdas Ollscoil na hÉireann |
| Hearne, Rory | Toghdas Ollscoil na hÉireann |
| Hunt, Carol | Toghdas Ollscoil na hÉireann |
| Kennelly, Mike | An Rolla Tionscail agus Tráchtála |
| Lawlor, Anthony | An Rolla Talmhaíochta |
| Monahan, Paddy | Toghdas Ollscoil na hÉireann |
| Ó Laoi, Seosamh | An Rolla Saíochta agus Oideachais |
| O'Malley Dunlop, Ellen | Toghdas Ollscoil na hÉireann |
| O'Neill, Pat | An Rolla Talmhaíochta |
| Owens, Danny | An Rolla Tionscail agus Tráchtála |
| Spiers, Madeline | An Rolla Oibreachais |

Cé gur thug na hiarrthóirí thíos ráiteas síntiús, níl ceann amháin ná níos mó de na doiciméid reachtúla riachtanacha eile faighte ó na hiarrthóirí sin ag an gCoimisiún um Chaighdeáin go fóill (is iad seo na doiciméid sin: Deimhniú Síntiús Airgid, Foirm Dearbhaithe Reachtúil, ráiteas ó institiúid airgeadais).

**Tábla 2**

| **Ainm** | **Rolla/Toghdas** | **Cion** |
|---|---|---|
| Comiskey, Michael | An Rolla Talmhaíochta | Ní dhearnadh Deimhniú Síntiús Airgid agus Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil/a chur i gcrích |
| Daly, an Dr Martin | Toghdas Ollscoil na hÉireann | Ní dhearnadh Deimhniú Síntiús Airgid a chur ar fáil/a chur i gcrích |
| Kelleher, Niall | An Rolla Tionscail agus Tráchtála | Níor cuireadh ráiteas bainc ar fáil |
| MacBride, Sean | An Rolla Saíochta agus Oideachais | Ní dhearnadh Deimhniú Síntiús Airgid a chur ar fáil/a chur i gcrích |
| Ó Ceallaigh, Seosamh | An Rolla Saíochta agus Oideachais | Ní dhearnadh Deimhniú Síntiús Airgid a chur ar fáil/a chur i gcrích |
| O'Shea Farren, Linda | An Rolla Tionscail agus Tráchtála | Ní dhearnadh Deimhniú Síntiús Airgid a chur ar fáil/a chur i gcrích |
| Smith, Michael | An Rolla Talmhaíochta | Ní dhearnadh Dearbhú Reachtúil a chur ar fáil/a chur i gcrích |
| Walsh, Seamus | An Rolla Saíochta agus Oideachais | Ní dhearnadh Deimhniú Síntiús Airgid a chur ar fáil/a chur i gcrích |

## 2.2 Síntiúis a nochtadh

De réir alt 4(1) den Acht, rinne an Coimisiún um Chaighdeáin breithniú ar na ráitis síntiús a fuair sé ó gach iarrthóir nár éirigh leo in olltoghchán an tSeanaid.

Nocht seachtar iarrthóirí síntiúis arbh ionann a luach iomlán agus €8,458.58. Tá sonraí ar fáil san Aguisín leis an tuarascáil seo faoi na síntiúis sin a nocht iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán an tSeanaid. Thug na hiarrthóirí eile ráiteas síntiús nialasach.

## Caibidil 3: Ráitis Síntiús a chuirtear ar fáil don Choimisiún um Chaighdeáin a fhoilsiú

De réir alt 24(7)(a) den Acht, rinneadh cóip de gach ráiteas síntiús a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin ó iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán an tSeanaid a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas go leictreonach.

De réir alt 73 den Acht, tá na ráitis síntiús a fuair an Coimisiún um Chaighdeáin á gcur ar fáil lena n-iniúchadh agus lena gcóipeáil ag an bpobal in oifigí an Choimisiúin um Chaighdeáin.

Cé go gcoinníonn an Coimisiún um Chaighdeáin deimhnithe síntiús airgid/dearbhuithe reachtúla agus ráitis ó institiúidí airgeadais, ní chuirtear ar taispeáint go poiblí iad ná ní nochtar ar bhealach eile iad, mura n-éilítear amhlaidh le hordú cúirte nó le fiosrúchán ag an gCoimisiún um Chaighdeáin.

**Aguisín - Síntiúis a nocht iarrthóirí nár éirigh leo in olltoghchán an tSeanaid 2016**

| Ainm an Iarrthóra | Rolla/Toghdas | Luach an tSíntiúis € | Cineál an tSíntiúis | Ainm agus seoladh an tsíntiúsóra agus tuairisc air |
|---|---|---|---|---|
| Connolly, John | An Rolla Saíochta agus Oideachais | 1,000 | Seic | Cumann Múinteoirí Éireann, 35 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1 (Ceardchumann) |
| Coughlan, Oisín | Toghdas Ollscoil Bhaile Átha Cliath | 1,000 | Ar líne | Cathy Maguire 13 Lóiste Dhún Muirígh, Béal Feirste, BT10 0GR (Duine aonair) |
| Davitt, Edward Robert | Toghdas Ollscoil Bhaile Átha Cliath | 1,739 | Ar líne | 29 síntiúsóir ar leith (idir €10 agus €100) |
| Field, Luke | Toghdas Ollscoil na hÉireann | 1,000 | Aistriú Bainc | Patrick Field, an Ráithín, Inis Eonáin, Co. Chorcaí (Duine aonair) |
| Field, Luke | Toghdas Ollscoil na hÉireann | 1,000 | Aistriú Bainc | Anne Marie Kelleher, an Ráithín, Inis Eonáin, Co. Chorcaí (Duine aonair) |
| McGreal, Daragh | Toghdas Ollscoil na hÉireann | 724.00 | Aistriú Bainc | Chanel McCarrick, 59 Bóthar Shruthán an Chuilinn, Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3 (Duine aonair) |
| McKiernan, Sean | An Rolla Tionscail agus Tráchtála | 995.58 | Litir/SMS | Cumann Bialann na hÉireann, 11 Cúirt an Droichid, Geata na Cathrach, Sráid San Agaistín, Baile Átha Cliath 8 (comhlacht ainmniúcháin) |
| O'Rourke, Aengus | An Rolla Tionscail agus Tráchtála | 1,000 | Seic | Comhairle Ceantair Bhaile Átha Luain de chuid Fhianna Fáil, f/ch Tommy Gavin, Cisteoir, Garrán Ghort na Mailpe, Baile Átha Luain |